

[05\\_03.wmv](#)

**Bileog 5.3**

**Foinse:** TG4

**Clár:** Nuacht TG4

**Dáta:** 02 Nollaig 2009

**Intreoir:** Mír nuachta faoi chailliúint post i gcomhlacht sa tSionainn.

**Eimear Ní Chonaola**

Caillfidh suas le céad go leith duine a bpoist (*a bpostannaí* a deirtear) sa gcomhlacht *Element Six* sa tSionainn i gContae an Chláir, agus tá an comhlacht árachais FBD le trí cinn déag dá n-oifigí a dhúnadh ar fud na tíre. Céad go leith post ar fad a imeoidh ansin. Tá tuairisc ag Tomás Ó Mainnín.

**Tomás Ó Mainnín**

Oibrithe ón gcomhlacht *Element Six Ltd* ag fágáil tar éis a *shift* oibre tráthnóna. Roimis lón inniu glaodh ar an bhfoireann chun cruinniú leis an mbainistíocht, cruinniú ina ndúradh leo go mbeidís ag scaoileadh le céad caoga oibrí roimh dheireadh na bliana.

Tomás: *How many years have you been here?*

Oibrí: *24ish/25ish, so it is, it is one of the main employers here in Shannon, but there's nothing for sure anymore, is there?*

**Tomás Ó Mainnín**

Tá an comhlacht lonnaithe sa tSionainn le daichead a cúig bliain agus iad i mbun diamaint tionsclaíochta agus crua-earraí eile a tháirgeadh do thionscal na tógála agus na ngluaisteán ach deir go bhfuil titim tagtha ar an éileamh. D'fhógair an comhlacht anuraidh áfach, go rabhadar ag déanamh athbhreithniú ar an ngnó anseo.

**An comhairleoir Madeleine Taylor-Quinn – Méara Chontae an Chláir**

Bliain ó shin bhí tuairiscí mórthimpeall go raibh an áit seo i dtrioblóid agus is mór an trua nach ndearna (*rinne* a deirtear) an *Department of Enterprise* agus *Employment* agus na *hagencies* eile aon rud chun é a stopadh. Agus, is, tá sé ana-thábhachtach anois go gníomhóidh siad ionas nach dtarlódh a leithéid anseo nó in aon áit eile arís.

**Tomás Ó Mainnín**

Gan ach trí seachtaine le dul go dtí aimsir na Nollag dúirt urlabhraí ón gcomhlacht anseo tráthnóna go bhfuil siad ag súil go dtógfaidh an suas le céad caoga oibrí anseo iomarcaíocht dheonach idir seo agus aimsir na Nollag ach mura ndéanann, go gcaithfidh an comhlacht iomarcaíocht éigeantach a chur i bhfeidhm ansin tar éis na Nollag. Inniu chomh maith, d'fhógair an comhlacht árachais FBD go mbeidís ag laghdú a líon oifigí ar fud na tíre. D'fhéadfadh go gcaillfí suas le céad caoga post dá bharr.

Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4 sa tSionainn, i gCo. an Chláir.